**Ó OIFIG AN AIRE**

Department of Education
www.education-ni.gov.uk
Teach Mhic Chathmhaoil/Teach Ráth Gael
43 Bóthar Bhaile Aodha
Ráth Goill
BEANNCHAR
BT19 7PR

Tel: 028 9127 9306
Ríomhphost: private.office@education-ni.gov.uk

Ár dTag: SUB 0270 -2021
5 Márta 2021

A Thuismitheoir/A Chaomhnóir/A Chúramóir Dhil

Agus pilleadh ar oideachas gnúis le gnúis fá choinne go leor páistí ag toiseacht Dé Luain 8 Márta, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le hachan tuismitheoir, chaomhnóir agus chúramóir as an obair chruaidh uilig atá déanta agaibh le linn na dianghlasála ag tacú le hoideachas na bpáistí s'againn i gcúinsí a bhí iontach doiligh. Tá mé cinnte go bhfuil laethe níos gile amach romhainn agus tá mé ag súil leis an lá a thig le hachan pháiste pilleadh ar an scoil, a gcuid cairde a fheiceáil agus sult a bhaint as na timpeallachtaí oideachais den scoith a bhfuil d'ádh orainn a bheith againn.

**Socruithe fá dtaobh de Philleadh 'na Scoile**
Mar a bheas a fhios agat, ar 18 Feabhra, ghlac an Feidhmeannas cinnte fá dtaobh de philleadh céimnithe ar theagasc gnúis le gnúis fá choinne bhur gcuid páistí. Pillfidh daltaí réamhscoile, naíolainne agus i mblianta 1 go 3 ar an bhunscoil ar Mhárta 8 ar feadh coicíse agus pillfidh siad ar chianfhoghlaim ina dhiaidh sin go dtí toiseach shaoire na Cásca. Pillfidh daltaí i mblianta 12 go 14, a mbronnfar cáilíochtaí orthu sa tsamhradh i mbliana, ar theagasc gnúis le gnúis lánaimseartha le héifeacht ó 22 Márta. Léiríonn na socruithe seo an chomhairle shonrach a fuarthas ón Roinn Sláinte agus seasamh an Fheidhmeannais i láthair na huaire.

Coinneoidh clubanna bricfeasta, cuairteanna oideachais, spórt idir scoileanna agus imeachtaí i ndiaidh na scoile orthu ar sos go dtí go gcuirtear comhairle a mhalairt ar fáil. Tá soláthraithe príobháideacha clubanna bricfeasta agus cúraim i ndiaidh na scoile ar oscailt i dtólamh gan rian orthu.

**Sábháilteacht sna Scoileanna**
Ba mhaith liom aird a tharraingt go bhfuil na scoileanna ina dtimpeallacht shábháilte i dtólamh dár gcuid páistí agus don lucht saothair oideachais. Ar aon dul le treoir ón Ghrúpa Comhairliúcháin Eolaíochta d'Éigeandálaí (SAGE), táthar i ndiaidh meabhrú do shuímh oideachas gur gá coinneáil go docht leis na bearta maolaithe, lena n-áirítear boilgearnú ranganna, sa Treoir fá dtaobh de Choróinvíreas do Scoileanna agus do Shuímh Oideachais anseo, agus Lá Úr Scoile – Treoir Bhreise fá dtaobh d'Oideachas Réamhscoile anseo.

**Tacaíocht Curaclaim**
Mar thuismitheoirí, mar chaomhnóirí agus mar chúramóirí, thiocfadh dó go mbeadh cúraimí éagsúla oraibh fá dtaobh de philleadh ar theagasc gnúis le gnúis. Go háirithe,

goidé mar a chuidíos tú páistí teacht chucu féin ó thaobh na mothúchán de agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí san fhoghlaim. Cé go bhfuil cur isteach ar fhoghlaim i ndiaidh a bheith ann, déanfaidh scoileanna deimhin de go dtabharfar aghaidh air seo fríd idirghabháil shonraithe. Is é an bhéim atá ann tacú le páistí gaolta dearfacha a thógáil is a atógáil lena gcuid comhpháirtithe agus le foireann na scoile agus dul i ngleic le foghlaim agus iad ag pilleadh ar thimpeallacht na scoile. Fá choinne daltaí níos óige go háirithe, tá gá le nasc as úire, le himirt agus spraoi a bheith acu ar scoil.

Bhraith daltaí níos sine i mBlianta 12 go 14 cur isteach nach fhacthas a leithéid riamh roimhe ar a gcuid foghlama. Is é tosaíocht na Roinne déanamh deimhin de nach mbeidh daoine óga atá ag glacadh cáilíochtaí in 2021 fá mhíbhuntáiste. Chomh tábhachtach céanna is é go n-uasmhéadaíonn muid am foghlama is teagaisc le tacú le daoine óga agus go dtugann muid áiméir dófa coinneáil orthu ag dul chun cinn agus forbairt sula gcuireann múinteoirí a gcuid measúnachtaí grád i gcrích. Is mian liom cur ina luí oraibh féin agus ar na daoine óga s'againn nach scrúduithe seachtracha iad na measúnachtaí seo. Déanfar Áiseanna Measúnachta CCEA a mharcáil ag múinteoir ranga dalta agus, má bhaintear feidhm astu, ní bheidh iontu sa chuid is mó de chásanna ach píosa amháin de réimse fianaise a mbaintear feidhm aisti mar mheasúnacht an mhúinteora ar an iomlán. Oiread agus is féidir, beidh réimse fianaise ann mar bhunús le measúnacht múinteora ar ghráid na mac léinn.

**Cumhdaigh Aghaidhe**

Tá áit thábhachtach ag cumhdaigh aghaidhe leis an bhaol ar fud na bpobal s'againn a laghdú. Is é Beartas na Roinne:

- Spreagtar Tuismitheoirí/Caomhnóirí/Cúramóirí cumhdaigh aghaidhe a chaitheamh i dtailte na scoile agus nuair a bhíonn siad ag fanacht lena gcuid páistí a bhailiú.
- Sna bunscoileanna, moltar do pháistí gan cumhdaigh aghaidhe a chaitheamh as siocair réimse na mbeart maolaithe atá i bhfeidhm ag na scoileanna agus an ráta mhaolaithe de scaipeadh eadar páistí san aois seo.
- Caithfidh daltaí iarbhunscoile cumhdaigh aghaidhe a chaitheamh i rith gnáthlá na scoile. Meastar mar an cleachtas is fearr fosta go gcaitheann múinteoirí agus foireann tacaíochta cumhdaigh aghaidhe. Ba cheart go mbeadh scoileanna feasach fosta go bhfuil roinnt daoine (lena n-áirítear páistí) saor ó chaitheamh cumhdach aghaidhe agus gur cheart seo a láimhseáil go mothálach. Ní dhéanfar duine ar bith a dhíolúnú ón scoil as gan cumhdach aghaidhe a chaitheamh nó a bheith acu.
- Is ceanglas dlíthiúil anois é d'achan dalta iarbhunscoile cumhdach aghaidhe a chaitheamh ar iompar tiomnaithe scoile agus ar iompar poiblí. Is féidir sonraí fá dtaobh de na díolúintí a fháil anseo. Moltar go láidir d'achan dalta eile cumhdach aghaidhe a chaitheamh air iompar uilig na scoile ma thig leofa déanamh amhlaidh.

Tá mé ag iarraidh bhur gcuidithe mar sin le déanamh deimhin de go gcuireann sibh ina luí ar an pháiste s'agaibh a thábhachtaí agus atá sé cumhdach aghaidhe a chaitheamh nuair a iarrtar agus, go háirithe, go gcaitheann siad ceann nuair a bhaineann siad feidhm as seirbhís ón bhaile go dtí an scoil.

**Béilí Scoile**

Nuair a bhíonn ar dhaltaí freastal ar an scoil, oibreoidh seirbhísí béile scoil mar is gnách. Ní thabharfar íocaíochtaí díreacha in áit béilí scoile saor in aisce do dhaltaí ar gá dófa freastal ar an scoil.

Ní chuirfear béilí scoile saor in aisce ar fáil do pháistí oibrithe bunriachtanacha ná do pháistí leochaileacha atá i dteideal béilí scoile a fháil nuair a bhíonn siad ar scoil fá choinne foghlama fá mhaoirseacht cionn is go bhfuighidh a dtuismitheoirí íocaíocht dhíreach. Thig le dalta ar bith ar scoil ar mian leis é, lena n-áirítear páistí leochaileacha agus páistí oibrithe bunriachtanacha, béile a cheannach nuair a bhíonn seirbhísí béilí scoile ag oibriú mar is gnách. Diomaite de sin, ba cheart dófa lón dá gcuid féin a thabhairt isteach leofa.

**Aistriú Iarbhunscoile**

Mar fhocal scoir, thug mé fá dear fosta do cheisteanna fá dtaobh de scrúduithe aistrithe 2021.  I ndeireadh na dála, is fá na soláthraithe príobháideacha scrúduithe a bheas cinneadh ar bith na scrúduithe a chur ar ceal nó a chur siar sa chéad bhliain acadúil eile.  Go dtí seo, níl moladh ar bith pleanáil fá choinne scrúdaithe sa chéad bhliain acadúil eile curtha in iúl ach ag AQE amháin.    Coinneoidh an Roinn uirthi i dteagmháil le soláthraithe na scrúduithe agus leis na scoileanna fá dtaobh de na socruithe lena n-áirítear pleananna cúltaca agus fosta na mionathruithe a bhféadfadh siad machnamh orthu leis an chur isteach ar oideachas daoine óga i rith bliain na scoile i láthair na huaire a léiriú.

**Pleananna Pilleadh Amach Anseo**

Ag an tráth seo, ní thig liom dáta ar a bpillfidh páistí i mblianta 4 go 7 agus i mblianta 8 go 11 a dheimhniú go fóill. Ach tá dóchas agam de réir mar a leanas rolladh amach chlár an vacsaínithe ar aghaidhe agus a thugann muid isteach socruithe rialta úra fá dtaobh de thástáil don lucht saothair oideachais go bhpillfidh na páistí uilig ar an scoil go luath amach anseo.

Agus muid ag bogadh ionsar na normáltachta, is mian liom aitheantas iomlán a thabhairt don ghairmiúlacht agus don díograis atá mé i ndiaidh feiceáil ón lucht saothair oideachais s'againn.    Is mian liom fosta sibhse uilig in bhur dtuismitheoirí, bhur gcaomhnóirí agus bhur gcúramóirí a mholadh as bhur gcuid foighne, bhur n-obair chruaidh agus bhur ndúthracht ag tacú le hoideachas ár gcuid páistí. Fá dheireadh is fá dheoidh, is mian liom buíochas a ghlacadh leis na páistí is na daoine óga s'againn a bhí ina ngaiscígh amach is amach le linn an ghalair seo.

Beir bua agus beannacht

-



**Peadar Mac an Mhaoir CTR**
**Aire Oideachais**